COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE
COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE
SLÁINTE, AN tIARTHAR

FÓGRA TÁBHACHTACH POIBLÍ

Mar fhreagra ar an líon daoine atá tinn mar gheall ar an bhfrídín 'Cripteaspóiridiam', d'fhógair Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an Déardaoin an 15 Márta '07 gur cheart uisce a fhiuchadh ar chomhairle ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tIarthar.

Ó shin, tá an trí ghníomhaireacht ag oibriú le chéile chun déileáil leis an riosca agus tá Foireann Freagartha Teagmhais bunaithe acu anois. Tá daoine gairmiúla sna réimsí comhshaoil agus seirbhísí uisce, saineolaithe tréidliachta, eolaithe, daoine gairmiúla i sláinte an phobail agus an chomhshaoil, agus comhairle ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Ionad Faireacháin um Chosaint Sláinte le fáil ar an bhFoireann.

Ón tseachtain seo caite, mhéadaigh an Chathair agus an Chontae an tsampláil a bhí á déanamh ar an uisce don Cripteaspóiridiam. Léiríonn torthaí go bhfuil an t-uisce ó fhoinsí poiblí in áiteanna áirithe truaillithe. Tá cásanna nua den Cripteaspóiridiam ag teacht chun cinn sa cheantar agus tá 60 cás faighte in 2007 go dtí seo. Bhí ar roinnt bheag acu seo dul san ospidéal.

Is é an fiuchadh an rud is fearr le déanamh chun cripteaspóiridiam agus frídíní eile a bhaint as an uisce. Go dtí seo, dúramar le daoine an t-uisce a fhiuchadh ar fhaitíos na bhfaitíos ach anois caithfidh daoine sna ceantair áirithe seo an t-uisce a fhiuchadh más le hól nó le bia a réiteach atá an t-uisce sin acu. Mura bhfuil tú cinnte cá as a dtagann an t-uisce moltar duit é a fhiuchadh ar fhaitíos na bhfaitíos.

Ar mhaithe leis an bpobal, ba choir an t-uisce a fhiuchadh más:

- ❑ á ól
- ❑ á mheascadh le hábhar eile le hól
- ❑ ag ullmhú sailéad nó bia eile nach ndéantar a chócaráil
- ❑ ag ní fiacla
- ❑ ag déanamh leac oighir atá tú

- Féadfar an t-uisce a úsáid chun tú féin a ní nó chun leithris a ghlanadh ach ná húsáid é chun fiacla a ní.
- Fiuch an t-uisce agus lig dó fuarú. Clúdaigh agus stóráil sa chuisneoir nó in áit fuar. Níl an t-uisce ón sconna te le hól. Fiú má úsáideanna tú scagaire uisce ní bheidh an t-uisce sin sábháilte le hól.
- Caith amach leac oighir ón gcuisneoir nó ón reoiteoir agus uisce scagtha chomh maith. Déan leac oighir ó uisce fiuchta atá fuaraithe agat.
- Úsáid an t-uisce atá le hól agus bia á ullmhú agat nach bhfuil le cócaráil (m.sh. sailéid, torthaí agus glasraí nach bhfuil le cócaráil á ní agat).
- Ullmhaigh bia páiste le huisce a fiuchadh agus a fuaraíodh uair amháin. Ná húsáid uisce atá fiuchta cúpla babhta. Ná húsáid uisce buidéil mar go mbíonn an iomarca mianraí ann do pháistí.
- Má bhíonn an bhuinneach ort breis is dhá lá téigh i dteagmháil le do dhochtúir agus tabhair sampla dó/di le tástáil. Lean ort ag ól neart uisce atá fiuchta nó ó bhuidéal.

Ó thaobh na sláinte de, tá foinsí eile den fhrídín seo á bhfiosrú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcónaí, tá said i dteagmháil le gairmithe sláinte, leis na dochtúirí teaghlaigh, leis na hospidéil agus le tithe altranai agus áiteanna ina n-ullmhaítear bia.

Maidir leis na húdaráis áitiúil, tá an tsampláil méadaithe go mór acu ar an Cripteaspóiridiam. Tá suirbhé ón aer déanta acu agus obair allamuigh (scrúduithe ar láithreáin san áireamh) chun foinse an fhabhtaithe a fháil, tá bileoga eolais tugtha amach acu, tá na láithreáin ghréasáin tugtha cothrom le dáta acu le heolas cuí agus tá cabhairlíne eagraithe acu.

Chomh maith leis sin, tá gach beart a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm á bhfiosrú ag na Comhairlí Contae agus Cathrach chun a chinntiú go mbeidh caighdeán an uisce sách ard agus go mbeidh foinsí an uisce sábháilte.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis an bpobal agus a mheabhrú go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach an t-uisce a fhiuchadh i gcónaí.

Ní bheidh an t-uisce le fiuchadh níos mó nuair:

1. A thiocas laghdú mór ar an ngalar ar dhaoine

2. A bheas laghdú ar an leibhéal cripteaspóiridiam san uisce, rud a chiallóidh go mbeidh an córás cóireála in ann an cripteaspóiridiam a bhaint as an uisce.

Leanfaidh Comhaire Contae agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tIarthar orthu ag oibriú le chéile chun déileáil leis an bhfadhb seo. Chun eolas breise a fháil féach www.galway.ie, www.galwaycity.ie nó www.hse.ie nó glaoigh ar **091 509214.**